



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Éire 2040 - An Tionscadal

Foirm Iarratais don
**Chiste um Athghiniúint
agus Forbairt
Uirbeach 2018**

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Comhlánaigh foirm iarratais ar leith do gach togra

Is féidir aon cheisteanna a sheoladh chuig:

URDF@housing.gov.ie

Foirm Iarratais

Ba cheart an fhoirm seo a bheith comhlánaithe ag an bPríomh-Chomhpháirtí agus a bheith seolta ar ais le ríomhphost chuig URDF@housing.gov.ie faoi 12pm meán lae Dé hAoine an 28 Meán Fómhair 2018

Ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear lasmuigh den tréimhse ama sin

Uimh. Thagartha an Iarratais:
(Lena comhlánú ag an Roinn)

Cuid A

Faisnéis Ghinearálta agus Forbhreathnú

1. Forbhreathnú

Príomh-Chomhpháirtí:

Ainm na hEagraíochta:

Ainm an Teagmhálaí:

Seoladh Teagmhála:

Uimh. Fóin na hOifige:

Uimh. Fón Póca:

Seoladh Ríomhphoist:

Earnáil an Phríomh-Chomhpháirtí (cuir tic leis an rogha ábhartha):

Údarás Áitiúil

Tionól Réigiúnach

Roinn Rialtais

Gníomhaireacht Rialtais

Comhlacht Stát-tionscanta

Institiúid Ardoideachais

Eile (tabhair sonraí):

Luaigh an chatagóir cistiúcháin ar a bhfuil iarratas á dhéanamh:

Catagóir A

Tograí 'réidh le dul' atá le tosú sa bhliain 2019

Catagóir B

Tograí a bhfuil tuilleadh forbartha ag teastáil uathu, a bhféadfaí iad a thosú sa bhliain 2019 nó i mblianta ina dhiaidh sin

Tabhair faoi deara: Forchoimeádan an tAire agus an Coiste Bainistíochta an ceart chucu féin chun togra a athchatagóiriú i gcás go meastar, tar éis meastóireachta, go bhfuil an togra níos oiriúnaí do chatagóir eile.

2. Comhpháirtí/Comhpháirtithe Eile (má bhaineann)

1. Ainm an Chomhlachta/na hEagraíochta:

Ainm an teagmhálaí:

Seoladh:

Sonraí teagmhála:

2. Ainm an Chomhlachta/na hEagraíochta:

Ainm an teagmhálaí:

Seoladh:

Sonraí teagmhála:

3. Ainm an Chomhlachta/na hEagraíochta:

Ainm an teagmhálaí:


Seoladh:

Sonraí teagmhála:

N Tabhair faoi deara: Má bhaineann, tabhair sonraí faoi aon chomhpháirtithe eile i ndoiciméad ar leith


3. An Togra

Achoimre ar an Togra: Tabhair breac-chuntas gairid ar an togra i gceist (500-600 focal, leathanach A4 amháin).



Limistéar Geografach

Sonraigh thíos an limistéar lena mbaineann an togra (e.g. Réigiún, Cathair, Contae, Baile, Dúiche, Sráidbhaile, Sráid). Má bhaineann an togra le roinnt limistéar, liostaigh na limistéir go léir lena mbaineann.



Ní mór mapa a sheoladh i dteannta na foirme iarratais seo agus sonraí a thabhairt ann faoin limistéar/faoi na limistéir a chumhdaítear faoin togra. Ní mór an mapa a sholáthar i bhformáid Íomhá (JPEG, Mapa giotán nó a gcomhionann) agus, má tá sé ar fáil, iarrtar mapa digiteach i bhformáid Cruthchomhaid.

4. Cúlra agus na Chéad Chéimeanna Eile

Cúlra: Forbhreathnú ar an dóigh ar tugadh an togra i gceist chuig a stádas reatha e.g. an coincheap, aon obair dhearaidh, an stair phleanála ábhartha, iarratais roimhe ar chistiú, comhairliúchán leis an bpobal/na leas-sealbhóirí ábhartha, úinéireacht/fáil na réadmhaoine (má bhaineann). Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh go mbeadh an togra níos déanaí fós, rud ba cheart a mhíniú (500-600 focal/leathanach A4 amháin).

Na Chéad Chéimeanna Eile: Breac-chuntas ar na príomhghníomhartha a theastaíonn anois chun an togra i gceist a chur ar aghaidh (500-600 focal/leathanach A4 amháin).

5. Cistiú agus Amlínte

- (i) **Cistiú:** Tá figiúirí le cur ar fáil ar bhonn bliain go bliain. Tá sonraí iomlána ag teastáil le haghaidh thograí Chatagóir A. Tá na meastacháin is fearr ag teastáil le haghaidh thograí Chatagóir B chun gur féidir forbhreathnú a thabhairt ar cheangaltas féideartha amach anseo faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

	2019 (€)	2020 (€)	2021 (€)	2022 (€)	Tar éis 2022 (€) (Má bhaineann)	Iomlán (€)
Méid an chistiúcháin atá á iarraidh faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach						
Méid an chistiúcháin mheaitseála (25% ar a laghad den chostas bliantúil iomlán)						
Costas beartaithe iomlán an togra						

I gcás thograí **Chatagóir A** agus **Chatagóir B**, tabhair miondealú ar na príomhghnéithe cúraim d'amlíne soláthair an togra. I gcás thograí Chatagóir A, beidh an miondealú níos mionsonraithe.

2019	2020	2021	2022	Tar éis 2022 (Má bhaineann)

I gcás thograí **Chatagóir B**, tabhair miondealú ar thuilleadh forbartha an togra.

2019	2020	2021

6. An Gá le hInfheistíocht – An Réasúnaíocht taobh thiar den Togra

An fáth a meastar an togra seo a bheith riachtanach (500-600 focal/leathanach A4 amháin).

7. Torthaí

Achoimre ar Thorthaí: Tabhair breac-chuntas ar na torthaí intomhaiste sonracha a bhainfear amach (500-600 focal/leathanach A4 amháin). Áirítear na nithe seo a leanas leis na samplaí, ach gan a bheith teoranta dóibh:

Áirítear le samplaí:

- > An t-achar m2 d'fhorbairt chónaithe, tráchtála nó pobail a sholáthrófar.
- > An t-achar m2 d'fhoirgnimh a athchóireofar/a thabharfar ar ais chun úsáide.
- > An líon aonad cónaithe a sholáthrófar
- > An líon frontar a bhfreastalófar orthu
- > An líon post a dtacófar leo.
- > Méaduithe sa líon custaiméirí nó sa líon cuairteoirí.
- > Luach agus cineál an fheabhsaithe taitneamhachta
- > Soláthar roghanna taistil inbhuanaithe.
- > Astaíochtaí carbóin a laghdú, arna léiriú i gcoigiltí CO2.

Cuid B

Aighneacht Mhionsonraithe

Nóta ar an Scéim Mharcála: Tá cúig phríomhchritéar meastóireachta ann, a bhfuil gach ceann díobh comhdhéanta de 100 marc, mar a leanas:

1. Comhoiriúnacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála/an Phlean Forbartha Náisiúnta
2. Tiomantas do Chur Chun Feidhme
3. Comhoibriú
4. Nuálaíocht agus Comhtháthú
5. Inmharthanacht an Togra

Tá sé riachtanach 50 marc ar a laghad a fháil i ngach ceann de na cúig chritéar chun pasmharc a ghnóthú.

Ualaítear na cúig chritéar chun gurb ionann iad agus 1,000 marc san iomlán. Léirítear na hualuithe sa chéatadán de na marcanna iomlána atá ar fáil, mar atá leagtha amach ar an bhfoirm thíos.

Tá dhá fochritéar ar áireamh le gach ceann de na cúig phríomhchritéar. Is fiú na fochritéir 50 marc an ceann. Tugtar tuilleadh sonraí ag deireadh na foirme seo faoin dóigh a scórálfar gach ceann de na fochritéir.

1. Comhoiriúnacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála/an Phlean Forbartha Náisiúnta (30% de na marcanna iomlána)

Chun meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht fhoriomlán an togra agus go háirithe ar an méid a bheidh sé claochlaitheach agus ábhartha.

- (i) **Fís (15% de na marcanna):** Ní mór an fhaisnéis a thugtar a bheith bainteach le raon feidhme uailmhéine, scála agus tionchar an togra chun athrú áitbhunaithe a bhaint amach. (500-600 focal).

- (ii) **Tacaíocht do Thorthaí Straitéiseacha Náisiúnta an Phlean Forbartha Náisiúnta/an Chreata Náisiúnta Pleanála (15% de na marcanna):** Agus tagairt ar leith á déanamh do **Dhlúthfhás, Toradh Straitéiseach Náisiúnta Uimh. 1**, chun go n-áireofaí leis díriú ar inchónaitheacht fheabhsaithe, ar cháilíocht na beatha agus ar an acmhainn chun forbairt a dhéanamh ar shócmhainní atá ann cheana, agus tagairt á déanamh freisin do thorthaí eile chun tacú le dlúthfhás. Cé nach bhfuil sé riachtanach an ábharthacht do gach ceann de na deich dToradh Straitéiseacha Náisiúnta a shainithint, bheadh sé ina bhuntáiste dá n-imreofaí tionchar intaispeánta ar níos mó ná ceann amháin díobh. (500-600 focal).

2. Tiomantas do Chur Chun Feidhme (15% de na marcanna iomlána)

Chun meastóireacht a dhéanamh ar ionchuir airgeadais agus acmhainní daonna agus go háirithe ar an méid a spreagfaidh siad athruithe agus a chinnteoidh siad chur chun feidhme.

- (i) **Comhchistiú Giarálte (7.5% de na marcanna):** Méid agus cineál (lena n-áirítear foinse) an chomhchistiúcháin ghiarálte (nach mór a bheith cothrom le 25% ar a laghad de luach thairiscint an togra) agus go háirithe an dóigh a gcumasóidh an togra seo infheistíocht i bhforbairt uirbeach a bhféadfadh nach ndéanfaí í ar shlí eile laistigh de thréimhse ama an togra (500-600 focal).

- (ii) **(Rialachas agus Bainistíocht (7.5% de na marcanna):** Na socruithe beartaithe rialachais agus bainistíochta le haghaidh cur chun feidhme, tuairisciú agus faireachán a dhéanamh tríd an bPríomh-Chomhpháirtí (500-600 focal).

3. Comhoibriú (15% de na marcanna iomlána)

Chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhoibriú idir comhlachtaí/earnálacha agus/nó réimsí/líonraí a chuirfidh luach leis, a chinnteoidh éifeachtúlacht agus a leathnóidh tionchar.

- (i) **Comhoibriú Idir-eagraíochta (7.5% de na marcanna):** Méid an chomhoibrith i measc comhlachtaí poiblí agus/nó idir comhlachtaí poiblí agus an earnáil phríobháideach agus/nó an earnáil pobail/dheonach, go háirithe trí infheistíocht chomhordaithe agus cinnteoireacht chomhordaithe a dhéanamh ar fud roinnt leas-sealbhóirí a chuirfidh luach leis, a rannchuideoidh le soláthar éifeachtúil, agus a chuirfidh macasamhlú agus foghlaim chun cinn (500-600 focal).

- (ii) **Comhoibriú Geografach/Líonraithe (7.5% de na marcanna):** Méid an chomhoibríthe idir comhlachtaí difriúla geografaíocht bhunaithe le haghaidh an togra seo, go háirithe i gcás go bhfuil acmhainn ann aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar shaincheisteanna coiteanna/comhlántacha agus/nó oibriú ar bhonn líonraithe, go háirithe trí infheistíocht chomhlántach agus cinnteoireacht chomhlántach a dhéanamh lena leathnófar an tionchar, lena seachnófar dúbláil agus lena gcuirfear macasamhlú agus foghlaim chun cinn (500-600 focal).

4. Nuálaíocht agus Comhtháthú (20% de na marcanna iomlána)

Chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal na nuálaíochta, ar cháilíocht na hathghiniúna agus ar an raon feidhme le haghaidh forbairt áitiúil agus réigiúnach atá comhordaithe


- (i) **Nuálaíocht Shaincheaptha (10% de na marcanna):** An méid a thugann tograí aghaidh, ar bhealach nuálach cáilíochtúil, ar shaincheisteanna uirbeacha sonracha, amhail míbhuntáiste sóisialta, athrú eacnamaíoch, díghrádú fisiciúil agus/nó comhshaoil, soghluaisteacht inbhuanaithe agus/nó toradh an fháis mhear nó neamhbheartaithe (500-600 focal).

- (ii) **Forbairt Áitiúil agus Réigiúnach (10% de na marcanna):** An méid a chomhlíonann na tograí na cuspóirí foriomlána a bhaineann le forbairt phleantreoraithe agus/nó a chomhordaíonn siad agus/nó a rannchuidíonn siad le straitéisí fianaisebhunaithe le haghaidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiciúil/comhshaoil, mar shampla na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha agus Pleananna Forbartha Cathrach/Contae (500-600 focal).

5. Inmharthanacht an Togra (20% de na marcanna iomlána)

Chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus ar inseachadtacht.

- (i) **Infheistíocht Ghiarálte (10% de na marcanna):** An méid a ghíaráltear infheistíocht leathan indíreach eanála príobháidí chun tithé agus/nó spás urláir tráchtála a sholáthar, rud nach mór a luach a bheith cothrom le 100% ar a laghad de luach thairiscint an togra, agus aon infheistíocht ghiarálte eile nach dtugtar aghaidh uirthi faoi chritéar 2(i) thuas, ar infheistíocht í a bhféadfadh go mbeadh fostaíocht agus/nó oiliúint/scileanna ar áireamh léi.



(ii) **Inseachadtacht (10% de na marcanna):** Is deis í seo mionsonraí a thabhairt faoi na tosca atá taobh thiar d'inseachadtacht an togra, lena n-áirítear:

- > An acmhainn chun seachadadh, cuntas teiste na gcomhpháirtithe tionscadail agus an taithí atá acu ar thionscadail den chineál céanna a sheachadadh.
- > An tsaincheist maidir le cé acu atá nó nach bhfuil toilithe pleanála nó ceaduithe/ceadúnais eile ag teastáil/faighte.
- > Aon saincheisteanna a bhaineann le húinéireacht talún/rochtain ar thalamh/rialú talún.
- > Dearadh mionsonraithe.
- > Ullmhacht ó thaobh soláthair de.

I gcás thograí **Chatagóir A:** Deimhnigh stádas gach ceann de na míreanna thuas, i.e. cé acu atá nó nach bhfuil siad curtha i gcrích agus cén uair a chuirfear i gcrích iad le haghaidh chur chun feidhme an togra in 2019.

I gcás thograí **Chatagóir B:** Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil ag teastáil chun seachadadh an togra a chinntiú agus ar na tréimhsí measta ina leith.

I gcás thograí **Chatagóir A,** beidh meastóireacht airgeadais/measúnú ar luach ar airgead ag teastáil de réir an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus, chun críocha tairisceana íosta, beidh togra soiléir airgeadais lena ngabhann miondealú réadúil ar chostais ag teastáil, ar togra é a léiríonn luach ar airgead, agus aird á tabhairt ar na tairbhí dóchúla agus ar an tionchar eacnamaíoch measta.

ii) Inseachadtacht (ar lean):

Scóráil na bhFochritéar Meastóireachta:

Scór	Meastóireacht - Scórálfar gach critéar as 50.
0	N/B Teipeann ar an togra aghaidh a thabhairt ar an gcritéar atá á scrúdú nó ní féidir é a bhreithmheas de bharr faisnéis a bheith ar iarraidh nó neamhiomlán.
1-10	Go han-dona Tugtar aghaidh ar an gcritéar ar bhealach míshásúil.
11-20	Go dona Tá laigí tromchúiseacha nó dúchasacha ann i dtaca leis an gcritéar.
21-30	Go measartha Cé go dtugann an togra aghaidh ar an gcritéar den chuid is mó, tá laigí suntasacha ann nár mhór iad a cheartú.
31-40	Go maith Tugann an togra aghaidh ar an gcritéar go maith, cé gur féidir roinnt feabhsuithe a chur air.
41-50	Go sármhaith Éiríonn leis an togra aghaidh a thabhairt ar gach gné ábhartha den chritéar agus is beag atá aon easnaimh atá ann.

Cuid C

Doiciméid agus Dearbhú

Litreacha Fíoraithe

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach foirm iarratais:

- Litir/litreacha fíoraithe ó aon chomhpháirtí/chomhpháirtithe sainaitheanta eile, atá sínithe ag Príomhfheidhmeannach/Stiúrthóir na heagraíochta agus ina leagtar amach toiliú an duine/na ndaoine sin le páirt a ghlacadh san iarratas agus tiomantas an duine/na ndaoine sin don togra
- Litir/litreacha fíoraithe ó fhoirse/fhoinsí an chistiúcháin chomhfhreagraigh, ina leagtar amach eolas ar an iarratas agus gealltanais chun cistiú comhfhreagrach a sholáthar. Ní mór an litir sin a bheith ceadaithe ag an duine inniúil, atá údaraithe go dóthanach chun an gealltanais cistiúcháin chomhfhreagraigh a thabhairt, e.g. an Príomhoifigeach Airgeadais.

Doiciméid Bhreise

Tabhair faoi deara go bhfuil cead agat doiciméid bhreise a chur isteach chun tacú leis an iarratas seo. Ní mór aon doiciméid bhreise a bheith bainteach go díreach le raon feidhme an togra. Ní mór doiciméid bhreise a cheangal go leictreonach leis an bhfoirm iarratais seo.

I gcás go bhfuil doiciméid bhreise á gcur isteach, ní mór **10 gcóip chrua** de dhoiciméid bhreise a chur isteach sa phost chuig an seoladh seo a leanas, agus 'Iarratas ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach' á lua orthu:

An Rannóg um Pleanáil Chun Cinn
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath D01 W6X0

An Seicliosta Deiridh

Riachtanach

- Litir chumhdaigh ón bPríomh-Chomhpháirtí
- Foirm Iarratais (atá comhlánaithe ag an bPríomh-Chomhpháirtí)
- Litir/litreacha fíoraithe ó aon chomhpháirtí/chomhpháirtithe sainaitheanta eile
- Litir/litreacha fíoraithe ó fhoirse/fhoinsí an chistiúcháin mheaitseála
- Mapa lena léirítear láthair an togra in dhá fhormáid:
 - Comhad íomhá (amhail jpeg nó mapa giotán).
 - Cruithchomhad (.shp), má bhaineann sé leis an togra.

Roghnach

- Doiciméid bhreise (ábhartha) chun tacú leis an iarratas.

Síniú/Dearbhú

Deimhním leis seo gur léigh mé an doiciméad seo agus gur thuig mé é agus dearbhaím go bhfuil na sonraí atá tugtha ar an iarratas seo fíor agus ceart. Iarraim go soláthrófaí cúnaimh chun tacú leis an tionscadal mar atá leagtha amach agus deimhním, má bhronntar é, nach n-úsáidfear an deontas ach amháin chun na críche ar chuici a ceadaíodh é.

Síniú _____

Post _____

Dáta _____